

## Neilí Bhán

A Neilí bhán, a théagar, agus a Neilí bhán a stór,  
'Á dtiocfá thusa liomsa go coillidh dheas na gcnó,  
Bhéarfainn aer an bhaile mhóir dhuit, Agus thógfadh sé do chroí,  
Is ag marcaíocht ar gcóistí, Ag goil boithrí Baile Átha Buí.

Ó bhí mise thiar i gConnachta 'gus bhí mé breoite tinn  
D'fhiostraigh mise dithe an dtógfadh sé mo chian  
Bhí céad fear I ngrá léi , Nach dtig go brách 'un cinn  
Is má thug mé gean do Neilí, Cha raibh náire ar bith domh ann.

An gcluin tú mise a Neilí, ná fán amuigh go mall,  
Ná coinnigh thusa cuideachta le buachaill ar bith fán ghleann  
Beidh do chóta ag iarraidh gairid agus pian mhór I do dhroim.  
Beidh do choispeán éadrom sciobalta, faraor ag iarraidh mall.

A stór ná bíodh ort buaireamh ná brón ná briseadh croí  
Ná Ní ar bith den tseort sin ach aer is spórt a tsaoil;  
Da mbeadh agam an domhan mór 's a bhfuil i gcófraí ghlais a' rí  
Is duitse bhéarfainn mar fhéirín é ach éalú liom mar mhnaoi.

Bláithín Mhic Cana a rinne an cheardlann seo.

[www.seannos.ie](http://www.seannos.ie)

Le tacaíocht ó